

## Aighneacht ar Dhíolúine ó Staidéar na Gaeilge

Eanáir 2019

### Réamhfhocal

Mar eagraíocht náisiúnta ionadaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, fáiltíonn Gaeleideachas roimh an deis a bheith rannpháirteach sa chomhairliúchán ar dhíolúine ó staidéar na Gaeilge. Aithnítear an gá agus an phráinn a bhaineann le hathnuachan ar an gciorclán, a dréachtadh c.30 bliain ó shin, i bhfianaise na n-athruithe sochaí-chultúrtha, forbairtí sa churaclam agus forbairtí ar ár dtuiscintí ar riachtanais speisialta oideachais atá tarlaithe sa tír ó shin.

Tá polasaí ag an Stáit i leith forbairt sochaí dátheangaí. Tá seasamh uathúil ag an nGaeilge sa mhéid is gurb í céad teanga an Stáit í. I gcóras oideachais na hÉireann aithnítear tábhacht na Gaeilge do phobal na hÉireann agus táthar ag iarraidh an teanga a scaipeadh trí í a mhúineadh do mhórchuid na ndaltaí/scoláirí i scoileanna an stáit. Aithnítear gur dlúthchuid é den mhian sochaí lánpháirteach a chruthú go mbíonn rochtain ag na foghlaimeoirí go léir ar na teangacha atá lánach do na curaclaim.

Tá léirtheiscint níos fearr ann anois ar na buntáistí a bhainfidh na scoláirí uile as deiseanna foghlama teanga sa dá theanga. Tá an t-eolas agus an tuiscint maidir le sealbhú teanga agus na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas i gcás leanaí le RSO tar éis teacht chun cinn freisin. Insíonn an taighde a luaitear i dtuarascáil taighde na Cigireachta dúinn go ndéanann foghlaim an dara teanga tairbhe do gach scoláire, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil RSO acu nuair a dhéantar difreálú cuí.

Is léir áfach go bhfuil an-chuid dúshláin leis an gcóras reatha. Is léir go bhfuil easpa trédhearcachta ag baint leis na cúiseanna a ndeonaítear an díolúine. Anuas ar sin, is léir go bhfuil mí leas agus mí léamh á bhaint as critéir na díolúintí ag leibhéal tuismitheoirí agus fiú siceolaithe oideachais. Braitheann tuismitheoirí go bhfuil ceart acu ar dhíolúine, lasmuigh d'aon chúiseanna réasúnta ar dhíolúine. Cruthaíonn teidhlíocht éileamh.

Tá fianaise ann anois go bhfuil daltaí ag tabhairt droim láimhe don teanga toisc go ndeonaítear an díolúine go róphras. Tá an treocht sin chun éirí níos géire dá gcuirfí i bhfeidhm na moltaí sa dréachtchiorclán. Faoi mar sheasann sé, ceadaítear an díolúine i go leor cásanna gan riachtanas nó na critéir sásaithe agus is nós é a leathnaítear laistigh de chultúr na scoile. Tá impleachtaí tromchúiseacha do thodhchaí na Gaeilge le leathnú fairsinge na díolúine, de réir mar atá á mholadh.

### An Próiseas Comhairliúcháin

Mar eagraíocht atá ionadaíoch ar scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag an mbunleibhéal agus an iarbhunleibhéal, lorgaíomar tuairimí na scoileanna i leith na gceisteanna a ardaítear sa phlépáipéar agus sa dréachtchiorclán. I measc aiseolas na scoileanna, léiríodh inní agus míshástacht ach go háirithe le: -

- 1) An bealach a fógraíodh é, an claonadh atá ann i dtreo freagra áirithe, agus an méid ama atá ann leis an rud a suirbhé a líonadh móide aighneacht a scríobh.

- 2) Nádúr réamhbheartaithe agus claonta an pháipéir chomhairliúcháin agus an dréachtchiorcláin. Ní bhraitear gur comhairliúchán oscailte atá ann, ach iarratas ar aiseolas ar mholadh na Roinne Oideachais agus Scileanna.
- 3) Ní thagann an dréachtchiorclán agus an cur chuige molta leis an *Tuarascáil Taighde – Athbhreithniú ar Bheartas agus Cleachtas maidir le Díolúintí ó Staidéar na Gaeilge*. Tá an chuma air nár glacadh leis an gcomhairle mheáite a leagadh amach sa tuarascáil taighde agus níl cur chuige an dréachtchiorcláin trédhearcach dá réir.
- 4) Léiríodh imní go bhfuil bagairt bhreise ann trí chur chuige na díolúine seo don Ghaeilge mar chroí-ábhar éigeantach. Tá an plé diúltach faoi stádas na Gaeilge mar ábhar foirmiúil oideachais sa bhfearann poiblí, agus ceist na díolúine lárnach don phlé sin, ag cur go suntasach le bagairt don teanga sa chóras oideachais, an t-aon fearann poiblí ina bhfuil cosaint ann don teanga mar chéad theanga oifigiúil na tíre seo.

## Scoileanna T1 agus T2

Tá sé sainithe sa phlépháipéar agus sa dréachtchiorclán nach mbaineann an ciorclán ná ceist na díolúine leis na scoileanna T1 (scoileanna meán-Ghaeilge). Is mian le Gaeloideachas a shoiléiriú áfach go mbaineann sé le scoileanna T1 sa mhéid is go lorgaíonn tuismitheoirí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge litir thacaíochta go minic ó Phríomhoidí dá n-iarratais ar dhíolúine ó staidéar na Gaeilge sa mheánscoil. Bíodh is nach bhfuil ciall ná réasún le hiarratas mar seo, ní mór treoir shoiléir a bheith ar fáil do Phríomhoidí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge i leith iarratais den chineál sin.

Soiléiríonn an Tuarascáil Taighde gur thuairiscigh líon beag, ach suntasach mar sin féin, de shíceolaithe, gur iarradh orthu díolúintí ó staidéar na Gaeilge a mholadh do dhaltáí a bhí ag freastal ar bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge chun go bhféadfaidís díolúine a fháil ag an leibhéal iarbhunscoile. Níl aon bhunús ó thaobh oideachais de leis go n-éireodh scoláirí a fuair a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge as staidéar na Gaeilge ag an leibhéal iarbhunscoile.

Molann Gaeloideachas dá réir go mbeadh plé ar na impleachtaí do scoileanna T1 agus polasaí soiléir ann ar an gceist seo. Níl ciall ná réasún oideachasúil go mbeadh díolúine ó staidéar na Gaeilge ag páistí a rinne an bunoidreachas trí mheán na Gaeilge ar fad. Is cur i gcéill atá in iarratas dá leithéid.

## An Curaclam

Tá *Curaclam Teanga na Bunscoile* ann do leanáí de gach cumas i ngach comhthéacs scoile. Aithníonn sé agus tacaíonn sé le rannpháirtíocht na ndaltaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ag céimeanna éagsúla agus ar luasanna éagsúla ar feadh a dturas foghlama teanga. Is le gach duine na teangacha. Tá na príonsabail maidir le hionchuimsiú agus difreáil go mór chun tosaigh i soláthar agus i bhforbairtí curaclaim i láthair na huaire. Leis na torthaí foghlama atá leagtha amach i g*Curaclam Teanga na Bunscoile* agus sna sonraíochtaí don Ghaeilge sa tsraith shóisearacht, tá scóip d'eispéiris foghlama a oiriúnú do riachtanais éagsúla na scoláirí aonair trí chur chuige difreáilte teagaisc, foghlama agus measúnaithe.

Sa Tuarascáil Taighde, leagtar amach go stuama an argóint gur gá cuimhneamh ar bheartas amach anseo i dtaobh díolúintí ó staidéar na Gaeilge i bhfianaise an mhéadaithe ar chleachtas ionchuimsithigh i scoileanna, athruithe curaclaim (cosúil le rogha níos leithne i gcuraclaim Ghaeilge),

agus gabháil i dtreo foghlaim teanga chomhtháite (Ó Duibhir agus Cummins, 2012), rud arb é beartas na Roinne é faoin am seo.

Tugann an cur chuige comhtháite faoi riachtanais teanga gach scoláire, riachtanais scoláirí a labhraíonn teanga sa bhaile atá difriúil leis an teanga teagaisc, iad siúd ag a bhfuil deacrachtaí/moill teanga agus iad siúd ag a bhfuil RSO san áireamh. Molaimid go n-úsáidfear an cur chuige a cuireadh i bhfeidhm nuair a aithníodh go raibh deacracht ann le teagasc agus foghlaim na matamaitice. In áit díolúine a bhronnadh, cuireadh réiteach cruthaitheach i bhfeidhm I bhfoirm togra nua - ‘Tionscadal Mata’ agus cuireadh oiliúint bhreise ar fáil do mhúinteoirí anuas ar sin bronnadh pointí breise orthu siúd a bhaineann pas amach i scrúdú Mata Ardleibhéil na hArdteiste. Tá an cur chuige spreagúil céanna dlite ar an nGaeilge agus ar dhaltaí. In áit díolúintí a bhronnadh, molaimid go gcuirfí breis oiliúna ar mhúinteoirí, breis béime ar dhifreálú sa teagasc agus acmhainní oiriúnacha dá réir. Tá droch-chleachtas ag scoileanna uaireanta tacaíochta foghlama don Bhéarla a bheith ar fáil ag an am céanna le ranganna Gaeilge rud a chuireann iallach ar dhaltaí díolúine ón nGaeilge a lorg má tá cúnaimh breise uathu sa Bhéarla agus a chuireann an dá theanga in iomaíocht lena chéile, seachas mar chran taca dá chéile. Moltar treoir láidir ina choinne sin do scoileanna ón Roinn.

## Páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

I bhfianaise an méadú mór atá ann sna tuiscintí taighde bhunaithe mar aon leis an bhfianaise eolaíoch agus starógach ó na scoileanna agus a gcuid tuismitheoirí faoi chumas daltaí le RSO tabhairt faoin nGaeilge, ní mór go bhféachfar in athuair ar na cúinsí a gceadaítear an díolúine.

Ó cuireadh tús leis an gcóras díolúine, tá forbairtí suntasacha tarlaithe ó thaobh próifíl na ndaltaí, in athchóiriú curaclaim, smaointeoireacht oideolaíochta agus soláthar d’fhoghlaiméirí ag a bhfuil RSO. Is léir ón dTuarascáil Taighde nach bhfuil SENOS ná síceolaithe NEPS sásta plé leis an éileamh atá ann ó tuismitheoirí do dhíolúine. Léiríonn an fhianaise freisin nach gá go mbíonn an tsíceolaí sásta go bhfuil díolúine dlite ag an dalta faoin gcritéir RSO, ach go bhfuil brú ag teacht ó na síceolaithe príobháideacha tacú le hiarratais na dtuismitheoirí. Is cur i gcéill den chéad scoth é seo.

Mar atá leagtha amach sa Tuarascáil Taighde a d’eisigh an Roinn, tá amhras ar mhórán tráchtairí maidir leis an gceist an rud stuama é scoláirí ar a bhfuil RSO a eisiáimh ó fhoghlaim an dara teanga. Mhaígh Wight gur minic a dheonaítear díolúintí de bharr tuairimí pearsanta seachas mar fhianaise eolaíoch faoin rath a bhí ar scoláirí le RSO. Tacaíonn Wight le gníomhaíochtaí agus ábhar foghlama difreáilte, athbhreithniú agus athdhéanamh foghlama, múineadh teanga follasach, ranganna beaga, breis ama agus measúnachtaí malartacha mar shlí chun rochtain ar fhoghlaim an dara teanga a éascú do scoláirí ag a bhfuil RSO.

I measc na gcineálacha eile RSO nach gcomhlíonann téarmaí na gCiorclán reatha ach ar a mbíonn na hiarratais bunaithe tá Neamhord Speictrim Uathachais agus Neamhord Sainiúil Urlabhra agus Teanga. Tá sciar suntasach agus méadaitheach de pháistí sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta leis na diagnóis seo agus ag éirí go han-mhaith leo agus ag fáil tacaíocht chuí. Ní féidir glacadh leis nár cheart go mbeadh na páistí seo ag fáil na deiseanna céanna ar an teanga. Aithnítear go bhfuil gach páiste éagsúil agus nach ionann aon bheirt leis an diagnóis céanna, ach ar an iomlán, leis an tacaíocht chuí agus timpeallacht agus múinteoirí tuisceanacha, tá na deiseanna céanna acu eispéreas dearfach a bheith acu leis an nGaeilge is atá ag páiste ar bith eile.

Is ábhar imní mór é go bhfuil *strus agus imní i leith fhoghlaim na Gaeilge* á aithint ag síceolaithe oideachais mar chúis le díolúine a bhronnadh. Is féidir go mbíonn strus ar dhaltaí agus iad i mbun

staidéir do na scrúduithe stáit, ach ní mór breathnú ar mheicníochtaí le plé le dearcadh dearfach i leith na foghlama, in áit an t-ábhar a bhaint uathu. Ní bhaineann an díolúine ach le staidéar ar an nGaeilge, agus níl aon iallach reachtúil ar aon duine scrúdú Gaeilge na Sraithe Shóisearaí a dhéanamh ná na hArdteistiméireachta a dhéanamh. Dá réir sin, ardaítear an cheist cén bhunús nó buntáiste a bhaineann le díolúine a bheith ag dalta.

Is é scrúdú Gaeilge na hArdteiste an scrúdú is oiriúnaí san Ardteist do dhaoine le disléicse de bharr go bhfuil suas le 50% le gnóchtáil ar an gcaint/cluastuiscint. Baineann níos mó iarratasóirí grád ard amach sa Ghaeilge ná in aon mór ábhar eile.

## Tacaíochtaí do dhaltaí nach bhfuil aon tuiscint acu ar Bhéarla ar rollú dóibh

Leagtar amach sa pháipéar chomhairliúcháin gur chóir go ndéanfaí foráil do dhalta as tír thar lear, nach bhfuil aon tuiscint aige/aici ar an mBéarla ar rollú dó/di sula mbeidh sé/sí 12 bliain d'aois nó atá sa bhliain dheireanach den oideachas bunscóile, go gcuirfí dianchúrsa sa Bhéarla mar theanga bhreise ar fáil dó/di mar réamhullmhúchán dá riachtanas rannpháirtíocht iomlán i *gCuraclam Teanga na Bunscóile* ag leibhéal a thagann lena c(h)umas.

Cén fáth nach mbeadh dianchúrsa sa Ghaeilge ar fáil dóibh ag an am céanna agus an rochtain céanna a thabhairt dóibh ar an teanga Ghaeilge? Cá bhfuil na tacaíochtaí agus na cláir teanga don pháiste sin nach dteastaíonn uaidh/uaithe (ná ó na tuismitheoirí) go ndéanfaí buntáistí an dátheangachais / ilteangachais a cheilt orthu?

Molann an dréachtchiorclán nár *“cheart go ndéanfaí scoláire a dhíolmhú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ach amháin in imthosca atá annamh agus eisceachtúil. Is cinneadh tábhachtach é scoláire a dhíolmhú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge a bhfuil impleachtaí aige dá f(h)oghlaim sa todhchaí”*, ach céard atá annamh agus eisceachtúil faoi pháiste ag teacht isteach chun na tíre seo a bhfuil, don chuid is mó, cúlra dátheangach nó ilteangach eile? In áit rochtain uathoibríoch ar an teanga agus ar na luachanna uile a bhaineann léi a bhronnadh ar an bpáiste, tá an Stát ag déanamh cinnidh ar a son, cinneadh a ghearrann amach iad ó rannpháirteacht iomlán i gcúrsaí sochtheangeolaíoch agus cultúrtha na tíre ina bhfuil siad ag cur fúthu, gan trácht ar dheiseanna céim a bhaint amach sa bhunoideachas agus i réimsí eile a bhaineann leis an nGaeilge.

Is iondúil gurb iad na daltaí a rugtar lasmuigh den tír na daltaí is fearr cumais teanga sa rang Gaeilge aige/aici.

## Scóir Ghnóthachtála Litearthachta mar Chritéir Díolúine

Sonraíonn an dréachtchiorclán - *i gcás daltaí a bhfuil deacrachtaí suntasacha foghlama acu, níl ach aon scór gnóthachtála litearthachta amháin ag/faoi bhun na 10ú peircintíle i gceist sna critéir le haghaidh díolúine.*

An gciallaíonn sé sin go mbronnfar díolúine ó staidéar na Gaeilge ar dhaltaí nach ngothaíonn os cionn an 10ú peircintíle sa Bhéarla? Cén réasúnaíocht a bhaineann leis sin?

## Daltaí le Díolúine ó Staidéar na Gaeilge agus Teangacha Iasachta eile

Leagtar amach sna cáipéisí go ndéanann céatadán ard daltaí a bhfuil díolúine ó staidéar na Gaeilge acu staidéar ar nuatheanga iasachta.

Léiríonn an taighde idirnáisiúnta gurb iad na hacmhainní agus scileanna cognaíocha agus meiteachognaíocha céanna a bhíonn in úsáid maidir le sealbhú teanga ar bith, cuma cén teanga a bhíonn i gceist. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil difríocht ar bith idir na próisis chognaíocha agus éirime a bhíonn i gceist maidir le foghlaim na Fraincise agus foghlaim na Gearmáinise, cuir i gcás, nó foghlaim na Fraincise agus na Gaeilge. Caithfear ceist a ardú mar sin, go mbeadh ar chumas daltaí tabhairt faoi nuatheangacha eile an churaclaim agus nach mbeadh fós ar a gcumas tabhairt faoin nGaeilge.

Ba chóir go ndéanfaí scrúdú agus tomhas cruinn ar na cúiseanna a ndéanann daltaí le díolúine ón nGaeilge nuatheanga(cha) eile. Is iad na próisis chéanna chognaíocha a bhíonn i gceist i bhfoghlaim na nuatheangacha agus i sealbhú na Gaeilge. Ba cheart go mbeadh polasaí agus míniú iomlán trédhearcach ar fáil ina leith seo. Má tá fadhb foghlamtha i leith teanga ag dalta, ní féidir go mbaineann sé sin le teanga amháin thar teanga eile. Ní dhéanann inchinn an duine idirdhealú mar seo.

Má tá díolúine le bronnadh ar dhaltaí, moltar díolúine ó *theangacha a fhoghlaim* seachas díreach ón nGaeilge. Níl aon réasúnaíocht ag baint leis gurb í an Ghaeilge an t-aon teanga atá i gceist.

## Dearcadh i leith an Dátheangachais

Cé go bhfuil torthaí taighde ann ó na seascaidí anuas (m.sh. Hakuta, 1986; Baker, 2001 Bialystok 2001) a fhoilsíonn na buanna cognaíocha, pearsanta, soch-eachnamhaíochta agus sochaíocha a bhaineann leis an dátheangachas/ilteangachas, is léir ón staidéar seo nach bhfuil eolas forleathan ag tuismitheoirí/daltaí ar na buanna agus ar na buntáistí seo.

Ní chuirtear na buntáistí seo faoi bhráid tuismitheoirí nó faoi bhráid daltaí a bhíonn ag lorg díolúine le go dtuigfidís go bhféadfaidís na buanna seo a chailleadh agus iad ag glacadh cinneadh i dtaobh na díolúine a lorg.

Moltar go gcuirfí tús le feachtas poiblíochta agus bolscaireachta le béim a chur ar na buanna agus ar na buntáistí a bhaineann le bheith dátheangach a rachadh i bhfeidhm ar an bpobal trí chéile i dtreo i go mbeadh níos lú foinn ar thuismitheoirí droim láimhe a thabhairt don teanga in oideachas agus i dtógáil a gcuid páistí.

## Conclúid

Léiríonn an taighde idirnáisiúnta go gcaithfidh an prionsabail imeasctha a bheith mar bhonn faoi chinntí ar pholasaí agus cleachtais maidir le díolúine. Dírítear ar an ngá atá le deis a thabhairt dóibh siúd ag a bhfuil RSO leas a bhaint as an dara theanga a fhoghlaim trí phlé leis an dteanga ag leibhéal a oireann dóibh féin ó thaobh cumas agus riachtanais de. Ar an gcuma sin, seachas díriú ar dhíolúintí an chéad uair, dhéanfaí socruithe difriúla idir churaclam, oideolaíocht agus b'fhéidir measúnú chun foghlaim an dara theanga dóibh siúd ag a bhfuil RSO a éascú de réir dúshláin áirithe a bheadh rompu.

Spreagann prionsabal an ionchuimsithe freagracht deis a chur ar fáil do gach foghlaimeoir leas a bhaint as foghlaim na Gaeilge mar dara theanga trí bheith i dteangmháil leis an teanga ag leibhéal a oireann dá gcumas agus dá gcuid riachtanas. Maidir le prionsabal na difreála, éilíonn sé go ndéanfaí socruithe difreáilte curaclaim, oideolaíochta agus measúnaithe chun foghlaim na Gaeilge a éascú do gach scoláire, iad siúd ag a bhfuil sainriachtanais oideachais agus iad siúd a tháinig ón iasacht san áireamh. Thaispeáin na cás-staidéir ag an mbunleibhéal go n-éireoidh leis an gcur chuige seo. Is léir é seo ón dteangmháil dhearfacha bhí ag údaráis scoile le tuismitheoirí maidir lena chinntiú go leanfaidh foghlaimeoirí ag a bhfuil díolúine ó staidéar na Gaeilge nó atá i incháilithe díolúine a fháil orthu ag glacadh páirte i gceachtanna Gaeilge.

Tá gá lena chinntiú leis, go gcuirfear gairmithe ar nós síceolaithe, teiripeoirí urlabhra agus síciatraithe a d'fhéadfadh cur leis an bpróiseas cinnteoireachta faoi dhíolúintí ó staidéar na Gaeilge i gcás scoláirí ar leith, go gcuirfear ar an eolas iad faoi na buntáistí a ghabhann le foghlaim na Gaeilge, faoi na deiseanna le haghaidh cláir fhoghlama oideolaíocha shaincheaptha sa Ghaeilge do scoláirí agus faoi phróisis díolúine.

Moltar próiseas a thosú le polasaí oideachas do mhúineadh na Gaeilge ina iomlán a chur le chéile, ar aon dul le múnla an Pholasaí Oideachais Gaeltachta, ach a chuimseodh gach leibhéal den chóras, an ghaelscolaíocht, páirt-tumoideachas, an curaclam bunscoile agus iarbhunscoile, oiliúint múinteoirí, srl. An toradh a bheifeá ag súil leis uaidh sin ná cur chuige uilechuimsitheach agus spreagúil, a fhreastalaíonn ar raon leathan cumais I measc daltaí, agus a chinnteodh fonn agus spreagadh an dalta ina t(h)uras foghlama féin.

**Eanáir 2019**